SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Spórt Éireann Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta 2025









# BOINN IN 2024



48 | 21 | 43

# 112 BONN ARDFHEIDHMÍOCHTA





## 54
## BONN SINSEARACH

29 BONN ÓIR, 11 BHONN AIRGID,
24 BONN CRÉ-UMHA

## 48
## BONN NEAMHSHINSEARACH

19 mBONN ÓIR, 10 mBONN AIRGID,
19 mBONN CRÉ-UMHA

### BOINN ARDFHEIDHMÍOCHTA DE RÉIR INSCNE

| 62 | 41 | 9 |
|---|---|---|
| BAINEANN | FIREANN | OSCAILTE/ MEASCTHA |

# Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta, 2021-2024

Tá infheistíocht Spórt Éireann sa spórt ardfheidhmíochta á stiúradh ag an Straitéis Ardfheidhmíochta, 2021-2032, straitéis atá dírithe ar bhoinn a bhuachan ag imeachtaí móra idirnáisiúnta, lena n-áirítear na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha. Rinneadh an infheistíocht ardfheidhmíochta is mó riamh - €89m - ar fud Thimthriall Pháras (2021-2024), méadú suntasach ar an €59m a infheistíodh le haghaidh Thimthriall Thóiceo (2017-2020).

D'infheistigh Spórt Éireann breis is €25m sa Spórt Ardfheidhmíochta in 2024 (lena n-áirítear Institiúid Spórt Éireann - €4.2m). Áirítear leis an infheistíocht seo:

- Maoiniú do Chláir Ardfheidhmíochta - €10,886,662
- Tacaíocht Dhíreach do Lúthchleasaithe (Lena n-áirítear an Scéim Cardála Idirnáisiúnta) - €4,667,400
- Maoiniú Ardfheidhmíochta 2024 agus Maoiniú Pháras 2024 - €2,225,955
- Maoiniú Pháras 2024 – Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann - € 450,000 *(Iomlán i rith 2023 & 2024 - €900,000)*
- Maoiniú Pháras 2024 – Cumann Parailimpeach na hÉireann - €400,000 *(Iomlán i rith 2023 & 2024 - €800,000)*
- Cóitseáil Ardfheidhmíochta - €1,162,285
- Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann - €500,000
- Cumann Parailimpeach na hÉireann - €450,000






## Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta - Maoiniú Thimthriall Pháras 2021-2024

| | Oibríochtaí & Riarachán 2021-2024 (Bunmhaoiniú) | Maoiniú Ardfheidhmíochta / Pháras 2021-2024 | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann | €2,020,000 | €1,215,000 | **€3,235,000** |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | €1,750,000 | €800,000 | **€2,550,000** |

**Tabhair do d'aire:** Feidhmíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta (NPC) agus éascaíonn sé rannpháirtíocht Fhoireann na hÉireann sna Cluichí Parailimpeacha. I dteannta leis an mBunmhaoiniú agus le Maoiniú Ardfheidhmíochta Pháras 2021-2024 a luadh sa tábla thuas, fuair Cumann Parailimpeach na hÉireann Infheistíocht ón gClár Ardfheidhmíochta (Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta, Maoiniú Ardfeidhmíochta, Cóitseáil Ardfheidhmíochta agus Tacaíocht Díreach do Lúthchleasaithe). B'ionann é seo agus infheistíocht €5,625,000 don tréimhse 2021-2024. Leagtar amach an méid seo sa tábla thíos.

## Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta chuig CNRanna – Maoiniú Thimthriall Pháras, 2021-2024

| | Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta, 2021- 2024 | 2021-2024 Maoiniú Feidhmíochta / Pháras | Cóitseáil Ardfeidhmíochta 2021-2024 | Tacaíocht Dhíreach do Lúthchleasaithe, 2021-2024 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €3,365,000 | €550,000 | €143,900 | €2,003,000 | **€6,061,900** |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €1,200,000 | €68,000 | €85,000 | €420,000 | **€1,688,000** |
| Aontas Canúála na hÉireann | €700,000 | €187,500 | €65,500 | €420,000 | **€1,373,000** |
| Cruicéad Éireann | €1,200,000 | €1,160,000 | - | - | **€2,360,000** |
| Rothaíocht Éireann | €2,000,000 | €320,000 | €40,000 | €2,005,125 | **€4,365,125** |
| Aontas Gailf na hÉireann | €2,000,000 | €51,000 | - | €1,225,000 | **€3,276,000** |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €1,750,000 | €480,000 | €150,000 | €633,000 | **€3,013,000** |
| Cumann Haca na hÉireann | €3,300,000 | €787,000 | €119,000 | €804,000 | **€5,010,000** |
| Eachspórt Éireann | €3,100,000 | €940,000 | - | - | **€4,040,000** |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €3,500,000 | €490,000 | €252,300 | €1,536,450 | **€5,778,750** |
| Cumann Júdó na hÉireann | €750,000 | €90,000 | €85,000 | €349,235 | **€1,274,235** |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €1,550,000 | €815,000 | - | - | **€2,365,000** |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €3,200,000 | €705,000 | €207,684 | €583,500 | **€4,696,184** |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | €3,700,000 | €298,000 | €145,500 | €1,481,500 | **€5,625,000** |
| Peantatlan Éireann: | €1,150,000 | - | - | €175,000 | **€1,325,000** |
| Rámhaíocht Éireann | €3,900,000 | €910,000 | €256,725 | €2,617,600 | **€7,684,325** |
| Cumann Snámha na hÉireann | €2,900,000 | €370,000 | €253,000 | €1,122,100 | **€4,645,100** |
| Taecuando Éireann | €500,000 | €50,000 | - | €149,000 | **€699,000** |
| Trí-Atlan Éireann | €1,000,000 | €55,000 | €115,000 | €463,125 | **€1,633,125** |
| Iomlán | **€40,765,000** | **€8,363,500** | **€1,833,609** | **€15,987,635** | **€66,912,744** |

# Maoiniú Ardfheidhmíochta 2025-2028

Déanfar €27m a infheistiú sa spórt ardfheidhmíochta in 2025. Tá dul chun cinn mór á dhéanamh ag Spórt Éireann agus ag Rialtas na hÉireann ó thaobh na leibhéal infheistíochta inmhianaithe de €30m a bhaint amach le linn shaolré an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027. De bharr rathúlacht shuntasach feidhmíochta agus baint amach na ngarspriocanna straitéiseacha tábhachtacha, tá an córas ardfheidhmíochta ar thairseach céim nua anois. Tugann Timthriall Los Angeles deis nua dúinn tuilleadh feabhais a chur ar fheidhmíocht an chórais, chomh maith le leibhéal nua ionchais, cuntasachta agus freagrachta a chur i bhfeidhm.

Is é an Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta atá mar chuid lárnach d'infheistíocht Spórt Éireann sa spórt Ardfheidhmíochta. Tacaíonn an maoiniú seo le Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) a gcláir ardfheidhmíochta a sheachadadh, lena n-áirítear campaí traenála, comórtais idirnáisiúnta, costais traenála láraithe, tuarastail foirne, agus tacaíochtaí do lúthchleasaithe sinsearacha agus conaire.


Chuir Spórt Éireann Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta ar fáil do 19 CNRanna/Comhlachtaí Maoinithe ó 2021 go 2024. Tá idir eagraíochtaí móra agus beaga i gceist leis seo (ó thaobh ballraíochta agus líon na lúthchleasaithe de), chomh maith le samhlacha foirne lánghairmiúla nó leathghairmiúla, agus cláir ardfheidhmíochta atá láraithe nó díláraithe.

I Meán Fómhair 2024, thug Spórt Éireann cuireadh do CNRanna páirt a ghlacadh i bpróiseas Maoinithe an Chláir Ardfheidhmíochta 2025-2028. Bhí roinnt torthaí ar leith ag baint leis an bpróiseas seo a raibh mar aidhm aige na prionsabail atá leagtha amach sa Straitéis Ardfheidhmíochta 2021-2032 a bhaint amach:

- **Ilbhliantúil:** Leanfaidh Spórt Éireann ar aghaidh leis an maoiniú ilbhliantúil. Méadóidh an pacáiste maoinithe ó thrí bliana go ceithre bliana, agus clúdóidh sé an Timthriall Oilimpeach/Parailimpeach iomlán (2025-2028).
- **Spriocdhírithe:** Beidh laghdú ó 19 go 16 ar líon na spórt a aithnítear mar chuid den Chlár Ardfheidhmíochta.
- **Ionchuimsitheach:** Bunóidh Spórt Éireann an Clár Forbartha Feidhmíochta lena gcuirfear cur chuige níos cuimsithí ach níos rialaithe i bhfeidhm i leith spórt a nglacann lúthchleasaithe cumasacha páirt iontu agus/nó i leith cláir feidhmíochta níos lú nó clár luath-chéime.

Tugann an graf thíos achoimre ar an infheistíocht a rinne Spórt Éireann sa chóras ardfheidhmíochta thar thréimhse 9 mbliana.

**Infheistíocht sa Spórt Ardfheidhmíochta, 2017-2025**



## Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta

| Coiste Náisiúnta Rialaithe/ Eagraíocht Mhaoinithe | Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta 2024 | Leithdháileadh an Mhaoinithe Ardfheidhmíochta 2025 | Leithdháileadh an Mhaoinithe Ardfheidhmíochta 2025-2028 |
|---|---|---|---|
| Rámhaíocht Éireann | €1,093,333 | **€1,100,000** | Aon bhliain amháin |
| Cumann Snámha na hÉireann | €756,666 | **€1,100,000** | **€4,400,000** |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €841,666 | **€1,050,000** | **€4,200,000** |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €965,000 | **€1,050,000** | Aon bhliain amháin |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | €1,000,000 | **€1,000,000** | Aon bhliain amháin |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €800,000 | **€1,000,000** | **€4,000,000** |
| Cumann Haca na hÉireann | €856,666 | **€950,000** | **€3,800,000** |
| Eachspórt Éireann | €803,333 | **€900,000** | **€3,600,000** |
| Rothaíocht Éireann | €520,000 | **€725,000** | **€2,900,000** |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €506,666 | **€725,000** | **€2,900,000** |
| Aontas Gailf na hÉireann | €516,666 | **€650,000** | **€2,600,000** |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €416,666 | **€600,000** | **€2,400,000** |
| Cruicéad Éireann | €333,333 | **€600,000** | **€2,400,000** |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €346,666 | **€500,000** | **€2,000,000** |
| Aontas Canúála na hÉireann | €216,666 | **€475,000** | **€1,900,000** |
| Trí-Atlan Éireann | €250,000 | **€280,000** | **€1,120,000** |
| Iomlán an Mhaoinithe Ardfheidhmíochta | €10,223,327 | €12,705,000 | €38,220,000 |

Leithdháileadh maoiniú bliana ar Rámhaíocht Éireann agus ar Chumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann. Léiríonn sé seo na cúinsí uathúla atá i bhfeidhm laistigh de gach CNR. Leanfaidh Spórt Éireann ag plé leis na CNRanna d'fhonn riachtanais mhaoinithe a aontú leo ó 2026 ar aghaidh.

Cuireann Spórt Éireann réimse de shruthanna maoinithe ar fáil do Chumann Parailimpeach na hÉireann, lena n-áirítear Maoiniú don Chlár Ardfheidhmíochta (€1,000,000), Tacaíocht Dhíreach do Lúthchleasaithe, (€307,000), agus Maoiniú Riaracháin agus Oibríochtaí dá ngairtear Bunmhaoiniú Ardfheidhmíochta air freisin (€450,000). Léiríonn an tábla thíos leithdháileadh "Bhunmhaoiniú" 2025.

Leithdháileadh maoiniú bliana freisin ar Chumann Parailimpeach na hÉireann. Tá tionscadal straitéiseach tábhachtach ar siúl i gcomhar le Cumann Parailimpeach na hÉireann. Is éard atá i gceist leis seo ná na cláir snámha agus lúthchleasaíochta para-spóirt a aistriú go Cumann Snámha na hÉireann agus go Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann, faoi seach. Tá Spórt Éireann ag tacú le Cumann Parailimpeach na hÉireann an t-aistriú seo a chur i gcrích agus tá acmhainní breise leithdháilte againn chun an tionscadal seo a éascú (€250,000). Cinnfear na riachtanais acmhainní fadtéarmacha de réir mar a théann an tionscadal seo ar aghaidh.

## Maoiniú Oibríochtaí & Riarachán Ardfheidhmíochta 2025

| | Oibríochtaí & Riarachán Ardfheidhmíochta 2024 (Bunmhaoiniú) | Oibríochtaí & Riarachán Ardfheidhmíochta 2025 (Bunmhaoiniú) |
|---|---|---|
| Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann | €500,000 | €600,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | €450,000* | €450,000* |

* Ní áirítear leis seo an leithdháileadh ar Mhaoiniú Aistrithe (€250,000)




## Clár Forbartha Feidhmíochta 2025

Tá lúcháir ar Spórt Éireann leithdháileadh suas le €1m a fhógairt faoin gClár Forbartha Feidhmíochta nuabhunaithe. Leagann an tionscnamh seo béim ar thiomantas Spórt Éireann do chóras ardfheidhmíochta níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a chothú, rud a chinnteoidh go bhféadfaidh réimse níos leithne de na CNRanna rochtain a fháil ar thacaíocht spriocdhírithe ar mhaithe lena gcláir agus a gcuid conairí feidhmíochta a fheabhsú.

Cuirfear an Clár Forbartha Feidhmíochta ar fáil do na CNRanna spriocdhírithe. Ag tógáil ar an rannpháirtíocht agus ar an infheistíocht a cuireadh ar fáil i rith Thimthriall Pháras, áireofar sé CNR sa chlár seo in 2025. Chomh maith le pobal cleachtais a bhunú i measc na CNRanna seo, gheobhaidh siad tacaíocht a bhaineann go sonrach lena spórt, rud a bheidh ag freagairt dá leibhéal forbartha.

| Coiste Náisiúnta Rialaithe/ Eagraíocht Mhaoinithe | Leithdháileadh in 2024 | Clár Forbartha Feidhmíochta 2025 | Téarma |
|---|---|---|---|
| Cumann Júdó na hÉireann | €226,667 | **€200,000** | Aon bhliain amháin |
| Peantatlan Éireann | €286,667 | **€150,000** | |
| Taecuando Éireann | €150,000 | **€75,000** | |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €150,000 | **€200,000** | |
| Cumann Tógála Meáchan na hÉireann | €25,000 | **€50,000** | |
| Scuais Éireann | €30,000 | **€50,000** | |
| Spóirt Gheimhridh (Trí COÉ) | €50,000 | **€50,000** | |

## Cóitseáil Ardfheidhmíochta

Méadófar ar an infheistíocht a dhéantar sa Chóitseáil Ardfheidhmíochta ó €1.2m in 2024 go €1.5m in 2025. Is ceannródaí Spórt Éireann ó thaobh na bhfeabhsaithe atá curtha i bhfeidhm sa réimse traenála ardfheidhmíochta agus tá dul chun cinn déanta againn i dtaobh dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn fós. Go dtí seo, tá dul chun cinn suntasach déanta againn sa réimse seo, agus tá dlús curtha ag Spórt Éireann le hearcú cóitseálaithe laistigh de na CNRanna. Déantar infheistíocht Spórt Éireann in earcú daoine cumasacha do phríomhphoist chóitseála ar bhonn scála aistritheach thar thréimhse trí nó ceithre bliana. Déanann Spórt Éireann 100% den infheistíocht tacaíochta tosaigh i mBliain 1, agus déanann an CNR a infheistíocht bliain i ndiaidh bliana a mhéadú chun inmharthanacht meántéarmach agus ráta coinneála fadtéarmach na bpost seo a chinntiú sna CNRanna. Ba phríomhghné dár gcuid oibre in 2024 an mheantóireacht agus an oiliúint sa réimse cóitseála ardfheidhmíochta, obair atá dírithe ar chóitseálaithe nua agus seanbhunaithe araon a fheidhmíonn i gcóras na hÉireann.

D'fhorbair Spórt Éireann 'Líonra na mBanchóitseálaithe Ardfheidhmíochta' (WinHP) ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin is suntasaí sa réimse seo. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin don Chóitseáil Ardfheidhmíochta tríd an gClár Sármhaitheasa, an Clár Forbartha Meantóireachta. Áiríonn sé seo tairiscint nua in 2025 do Chóitseálaithe Conair Feidhmíochta. Tá na CNRanna ag glacadh go fonnmhar le hiarrachtaí Spórt Éireann i dtaca le Cóitseáil Ardfheidhmíochta, agus leanfaidh Spórt Éireann lena chuid oibre sa réimse seo in 2025.

Chomh maith le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na CNRanna, tacófar leis na cláir seo a leanas trí Chóitseáil Ardfheidhmíochta agus trí thacaíochtaí neamhairgeadais a sholáthar: Clár Sármhaitheasa Institiúid Spórt Éireann do Chóitseálaithe atá ag ullmhú do Chluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Los Angeles 2028 agus Brisbane 2032, an Clár Forbartha Cóitseála & Meantóireachta Conaire Feidhmíochta, agus Líonra na mBanchóitseálaithe Ardfheidhmíochta.



## Tacaíocht Dhíreach do Lúthchleasaithe

| Clár | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Scéim Cardála Idirnáisiúnta | €2,763,985 | €3,113,500 | €3,738,625 | €3,914,900 | **€3,817,000** |
| Aistriú Gairmiúil Lúthchleasaithe (ACT) | €265,875 | €134,750 | €123,500 | €132,000 | **€239,000** |
| Scéim Maoinithe d'Imreoirí (Haca) | - | €150,000 | €300,000 | €300,000 | **€450,000** |
| Scéim Phroifisiúnta Aontas Gailf na hÉireann | €275,000 | €275,000 | €325,000 | €325,000 | **€350,000** |
| **Iomlán** | **€3,304,860** | **€3,673,250** | **€4,487,125** | **€4,760,900** | **€4,508,000** |

**Nótaí:**
Áiríonn an figiúr don Scéim Cardála Idirnáisiúnta Leithdháiltí do Lúthchleasaithe Aonair, infheistíocht i Maoiniú Sealaíochta agus Comhthiomsaithe chomh maith le cúlchistí.
Léiríonn an figiúr d'Aistriú Gairme Lúthchleasaithe 2025 an acmhainn mheasta a leithdháileadh, agus an maoiniú breise a dháil an Rialtas i mí na Nollag 2024.








# Scéim Cardála Idirnáisiúnta 2025

Cuireann an Scéim Cardála Idirnáisiúnta tacaíocht airgeadais ar fáil do lúthchleasaithe dá gcláir traenála agus iomaíochta. Is é príomhchuspóir an mhaoinithe seo ná tacú le lúthchleasaithe Éireannacha na cluichí ceannais a bhaint amach agus boinn a bhuachan ag an leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach.

In 2025, infheisteoidh Spórt Éireann €4.5m sa Scéim Cardála Idirnáisiúnta agus sa Scéim Maoinithe d'Imreoirí. Tacóidh sé seo le 129 lúthchleasaí agus le 11 scéim maoinithe sealaíochta/comhthiomsaithe thar 16 spórt. Leanann Spórt Éireann ag tacú leis an Scéim Maoinithe d'Imreoirí, agus in 2025, leithdháilfear €450,000 ar Haca Éireann chun tacú le himreoirí fhoirne Sinsir na bhFear agus na mBan.

Agus muid ag breathnú chun cinn ar Thimthriall Los Angeles (2025-2028), tá athbhreithniú agus nuashonrú déanta ag Spórt Éireann, in éineacht leis na CNRanna, ar chritéir na Scéime Cardála Idirnáisiúnta. Léiríonn na critéir nuashonraithe dul chun cinn Chláir Ardfheidhmíochta na CNRanna agus an feabhas leanúnach atá tagtha ar a bhfeidhmíocht. Tá Spórt Éireann tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe sinsearacha ag leibhéal atá oiriúnach dá gcéim forbartha, ar bhealach a chuireann ar a gcumas dul chun cinn leanúnach a dhéanamh. Cuirfidh Spórt Éireann maoiniú ar fáil ar bhonn bliantúil thar an tréimhse 2025 agus 2026. Tabharfar maoiniú ilbhliantúil isteach arís do thréimhse 2027 agus 2028 de réir an chur chuige a glacadh le linn Thimthriallta Thóiceo agus Pháras. Cuireann Institiúid Spórt Éireann seirbhísí den scoth ar fáil do lúthchleasaithe ardfheidhmíochta cardáilte na hÉireann. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcuireann an tábla maidir le hInfheistíocht Tacaíochta Dhíreach do Lúthchleasaithe in iúl luach iomlán na seirbhísí tacaíochta feidhmíochta a sholáthraíonn Institiúid Spórt Éireann.

Príomh-mholadh a tugadh do Spórt Éireann agus do na CNRanna in Athbhreithniú Thimthriall Pháras ná feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do lúthchleasaithe conaire.



## Folláine Lúthchleasaithe

Forbraíodh Tolglann Lúthchleasaithe Spórt Éireann atá suite ar Champas Spórt Éireann chun spás agus timpeallacht phríobháideach a chur ar fáil do lúthchleasaithe. Sa tolglann, bíonn rochtain ag lúthchleasaithe ar spásanna éagsúla, rud a thugann deis dóibh a scíth a ligean, bualadh lena chéile, bheith ag staidéar nó cócaireacht a dhéanamh san am saor a bhíonn acu idir babhtaí traenála agus coinní seirbhísí feidhmíochta.

Cheap Cónaidhm Spóirt na hÉireann Bainisteoir Tacaíochta Lúthchleasaithe i Meán Fómhair 2024. Soláthraíonn an ról nua seo, a fhaigheann tacaíocht ó Spórt Éireann, comhairle neamhspleách agus faoi rún do lúthchleasaithe maidir le hábhair éagsúla, lena n-áirítear ionracas, réiteach díospóidí, agus leas agus folláine lúthchleasaithe. Comhoibreoidh an Bainisteoir Tacaíochta Lúthchleasaithe leis na CNRanna chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chláir ardfheidhmíochta atá dírithe ar lúthchleasaithe.

Tá Clár um Aistriú Gairme Lúthchleasaithe (ACT) Spórt Éireann, a tugadh isteach in 2022, ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain ó thaobh na dtairiscintí airgeadais agus seirbhíse a chuireann sé ar fáil do lúthchleasaithe cardáilte agus iad ag dul ar scor. Ráthaítear 50% den dámhachtain reatha a fhaigheann lúthchleasaithe a bhaineann leas as an gclár ACT ón uair a bhfágann siad an Scéim Cardála Idirnáisiúnta. I rith bliain Oilimpeach/Parailimpeach, bronntar an chuid eile de maoiniú na bliana sin ar na lúthchleasaithe agus bronntar 50% de mhaoiniú na bliana dár gcionn orthu freisin. Chuir clár ACT tacaíocht ar fáil do 15 lúthchleasaí in 2024, rud a fhágann gurb é 53 duine líon iomlán na lúthchleasaithe a fuair tacaíocht tríd an gclár seo i rith Thimthriall Pháras.

## Buaicphointí na Scéime Cardála Idirnáisiúnta 2025

**29** Lúthchleasaí a fuair an phríomhchatagóir den **Mhaoiniú Póidiam**

**28** Lúthchleasaí a fuair **Maoiniú Den Chéad Scoth**

**72** Lúthchleasaí a fuair **Maoiniú Idirnáisiúnta**

**72** Lúthchleasaí fireann **(56%)**

**57** Lúthchleasaí baineann **(44%)**

**Maoiniú Comhthiomsaithe**

Arna bhronnadh chun tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe sonraithe i ndisciplíní na dornálaíochta, na rothaíochta agus na gleacaíochta.

**22**

Phara-lúthchleasaí a fuair tacaíocht (17% d'iomlán na lúthchleasaithe). Fuair cúigear píolótaí/treoraithe tacaíocht sna réimsí Para-Rothaíochta agus Parai-Thrí-Atlain.

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | Ciara Mageean | Póidiam | €40,000 |
| | Rhasidat Adeleke | Póidiam | €40,000 |
| | Sharlene Mawdsley | Póidiam | €40,000 |
| | Sophie Becker | Póidiam | €40,000 |
| | Christopher O'Donnell | Póidiam | €40,000 |
| | Sarah Lavin | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Sarah Healy | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Katherine O'Connor | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Mark English | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Andrew Coscoran | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Brian Fay | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Efrem Gidey | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Eric Tyrone Favors Jr | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Luke McCann | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Sophie O'Sullivan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Nicola Tuthill | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Cathal Doyle | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Nicholas William Griggs | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Fionnuala McCormack | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Hiko Haso | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Darragh McElhinney | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Israel Olatunde | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Rásaíocht Sealaíochta Measctha 4x400m | Sealaíocht/Comhthiomsaithe | €60,000 |
| | Rás Sealaíochta Measctha 4x400m | Sealaíocht/Comhthiomsaithe | €60,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€645,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Badmantain na hÉireann | Nhat Nguyen | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Rachael Darragh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Joshua Magee | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Paul Reynolds | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Moya Ryan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Suim Iomlán a Bronnadh | | | €97,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | Liam Jegou | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Ronan Foley | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Alistair McCreery | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jake Cochrane | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Noel Hendrick | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Madison Corcoran | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Suim Iomlán a Bronnadh | | | €97,000 |
| Rothaíocht Éireann | Lara Gillespie | Póidiam | €40,000 |
| | Mia Griffin | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Erin Grace Creighton | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| Rothaíocht Éireann (Para) | Josephine Healion | Póidiam | €40,000 |
| | Linda Kelly (Píolótach) | Póidiam | €40,000 |
| | Katie-George Dunlevy | Póidiam | €40,000 |
| | Richael Timothy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Christopher Burns | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Mitchell McLaughlin (Píolótach) | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Damien Vereker | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Maoiniú Píolótach & Comhthiomsaithe | Sealaíocht/Comhthiomsaithe | €40,000 |
| Suim Iomlán a Bronnadh | | | €322,000 |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | Rhys McClenaghan | Póidiam | €40,000 |
| | Adam Steele | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Dominick Cunningham | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Emma Slevin | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Halle Hilton | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Eamon Montgomery | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Maoiniú Comhthiomsaithe | Sealaíocht/Comhthiomsaithe | €80,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€210,000** |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | Kellie Harrington | Póidiam | €40,000 |
| | Aoife O'Rourke | Póidiam | €40,000 |
| | Shannon Sweeney | Póidiam | €40,000 |
| | Jack Marley | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Niamh Fay | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Adam Hession | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Kelyn Cassidy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Martin McDonagh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Dean Clancy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Daina Moorehouse | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jennifer Lehane | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Gráinne Walsh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Aidan Walsh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jude Gallagher | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Michaela Walsh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Maoiniú Comhthiomsaithe | Sealaíocht/Comhthiomsaithe | €80,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€430,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann | Ian O'Sullivan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€18,000** |
| Cumann Júdó na hÉireann | Joshua Green | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Rachael Hawkes | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Bearach Gleeson | Idirnáisiúnta | €15,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€51,000** |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Finn Lynch | Póidiam | €40,000 |
| | Robert Dickson | Póidiam | €40,000 |
| | Sean Waddilove | Póidiam | €40,000 |
| | Eve McMahon | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€145,000** |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | Maoiniú Comhthiomsaithe - Clár Tacaíochta do Lúthchleasaithe | Sealaíocht/Comhthiomsaithe | €80,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Para-Lúthchleasaíocht) | Orla Comerford | Póidiam | €40,000 |
| | Greta Streimikyte | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Shauna Bocquet | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Mary Fitzgerald | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jordan Lee | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Para-Snámh) | Róisín Ní Riain | Póidiam | €40,000 |
| | Barry McClements | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Dearbhaile Brady | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Deaten Registe | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€307,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Rámhaíocht Éireann | Paul O'Donovan | Póidiam | €40,000 |
| | Fintan McCarthy | Póidiam | €40,000 |
| | Philip Doyle | Póidiam | €40,000 |
| | Daire Lynch | Póidiam | €40,000 |
| | Fiona Murtagh | Póidiam | €40,000 |
| | Ross Corrigan | Póidiam | €30,000 |
| | Nathan Timoney | Póidiam | €30,000 |
| | Aoife Casey | Póidiam | €30,000 |
| | Margaret Cremen | Póidiam | €30,000 |
| | Zoe Hyde | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Alison Bergin | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Eimear Lambe | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Emily Hegarty | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Imogen Magner | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Natalie Long | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Brian Colsh | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Adam Murphy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Konan Pazzaia | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Ciaran Purdy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Donnacha Keeley | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Siobhan McCrohan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Rámhaíocht Éireann (Para) | Katie O'Brien | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Tiarnan O'Donnell | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Steven McGowan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Suim Iomlán a Bronnadh | | | €632,000 |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Cumann Snámha na hÉireann | Daniel Wiffen | Póidiam | €40,000 |
| | Mona McSharry | Póidiam | €40,000 |
| | Ellen Walshe | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Danielle Hill | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| | Tom Fannon | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Shane Ryan | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Eoin Corby | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Charlotte (Lottie) Cullen | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Ellie McCartney | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | John Shortt | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Darragh Greene | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Nathan Wiffen | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Jake Passmore | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Conor Ferguson | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| | Rás Sealaíochta Meascra 4x100m na mBan<br>Rás Sealaíochta Meascra 4x100m na bhFear<br>Rás Sealaíochta Saorstíl 4x100m na mBan<br>Rás Sealaíochta Saorstíl 4x200m na bhFear<br>Rás Sealaíochta Meascra 4x100m Measctha | Sealaíocht/Comhthiomsaithe | €100,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€423,000** |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann (Para) | Colin Judge | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€25,000** |

| CNR | Lúthchleasaí | Catagóir | Dámhachtain |
|---|---|---|---|
| Taecuando Éireann | Jack Woolley | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Costais an Chláir | | €15,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€40,000** |
| Trí-Atlan Éireann | James Edgar | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Trí-Atlan Éireann (Para) | Chloe MacCombe | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Catherine Sands (Píolótach) | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Judith MacCombe | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Eimear Nicholls (Píolótach) | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Tom Williamson | Den Chéad Scoth | €25,000 |
| | Donnacha McCarthy | Idirnáisiúnta | €15,000 |
| | Sean Husband (Píolótach) | Idirnáisiúnta | €15,000 |
| **Suim Iomlán a Bronnadh** | | | **€173,000** |











SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND